

- | | |
|--|--|
| <p>1. An bhfuil sean-rud éigin nó sean-phictiúir agat a fuair tú ó do thuismitheoirí nó ó do mhuintir?
<i>Tá. Tá sean-phictiúir agam a ghlac mo thuismitheoirí agus mé óg.</i></p> <p>2. An cuimhin leat bréagán nó rud speisialta eile a bhí agat nuair a bhí tú óg?
<i>Is cuimhin. Bhí babóg faoi leith agam a raibh mé i gcónaí ag súgradh léi.</i></p> <p>3. Cad a rinne tú an tseachtain seo?
<i>Bhí mé ag bainis mo charad.</i>
Cá ndeachaigh tú?
<i>Chuaigh mé ag snámh le mo mhac.</i>
Cad a chonaic tú?
<i>Chonaic mé mo chairde.</i></p> | <p>Do you have some old thing or old pictures that you got from your parents or your family?
<i>Yes. I have old pictures my parents took when I was young.</i></p> <p>Do you remember a toy or any other special thing you had when you were young?
<i>Yes. I had a particular doll that I always played with.</i></p> <p>What did you do this week?
<i>I was at my friend's wedding.</i>
Where did you go?
<i>I went swimming with my son.</i>
What did you see?
<i>I saw my friends.</i></p> |
|--|--|

Amhrán na Mara (Úna Levy)

Song of the Sea

- | | |
|--|--|
| 1. An oíche sin, nuair atá gach duine ina gcodladh, téaltaíonn Saoirse amach as a leaba agus tógann sí sliogán Bhen. | That night, when everyone is asleep, Saoirse sneaks out of bed and takes Ben's shell. |
| 2. Nuair a sheinneann sí air, tagann drithleoga draíochta isteach an fhuinneog chuici. | When she blows on it, magical sparks come in the window to her. |
| 3. Leanann sí na drithleoga draíochta chuig seomra Chonoir. | She follows the magical sparks to Conor's room. |
| 4. Taobh thiar de phictiúr seanchaite de Bhronach, faigheann Saoirse eochair. | Behind a worn out picture of Bronach, Saoirse finds a key. |
| 5. Tógann na drithleoga í chuig prios, áit a aimsíonn sí bosca cianaosta i bhfolach ann agus leis an eochair osclaíonn sí é. | The sparks take her to a press, where she finds an age-old box hidden and with the key she opens it. |
| 6. Istigh ann tá cóta lonrach álainn bán. | Inside there is a beautiful shiny white coat. |
| 7. Cuireann sí uirthi an cóta agus damhsaíonn sí léi i ndiaidh na ndrithleog, ag seinm ar an sliogán i rith an ama. | She puts the coat on and dances with it after the sparks, playing on the shell meanwhile. |
| 8. Treoraíonn na drithleoga síos staighre í, amach doras na cistine is síos chun na trá. | The sparks guide her downstairs, out the kitchen door and down to the beach. |
| 9. Cuireann cuid róna a gcloigne suas os cionn an uisce, á mealladh chucu. | Some seals put their heads up above the water, enticing her to them. |
| 10. Leanann Saoirse na hainmhithe cairdiúla seo isteach san fharraige. | Saoirse follows these friendly animals into the sea. |
| 11. Chomh luath is atá sí faoin uisce, déantar éan róin álainn bán di. | As soon as she's under the water, she turns into a beautiful white baby seal. |
| 12. Snámhann Saoirse leis na róna, í lán ghliondar. | Saoirse swims with the seals, full of joy. |

- | | | |
|-----|--|--|
| 13. | Ar fud na tíre tosaíonn ainmhithe draíochta, a bhí ina gcodladh le fada, ag bogadh. | All over the land, magical animals that were long asleep begin moving. |
| 14. | Ar tír mór, brúnn Conor a dheoch uaidh. | On the mainland, Conor pushes his drink from him. |
| 15. | I dteach an tsolais, músclaíonn Mamó, eagla mhór uirthi. | In the lighthouse, Grandma wakes up, very afraid. |
| 16. | Ritheann sí síos chuig an trá ina culaith oíche, ainm Shaoirse a scairteadh aici. | She runs down to the beach in her nightgown, calling out Saoirse's name. |
| 17. | Tagann sí ar an ghirseach, a cóta fós uirthi, caite suas ar an trá. | She comes across the little girl, her coat still on her, thrown up on the beach. |
| 18. | Filleann Conor ón teach leanna is faigheann sé Mamó trína chéile. | Conor returns from the alehouse and finds Grandma upset. |
| 19. | Tá slaghdán ar Shaoirse. | Saoirse has a cold. |
| 20. | Ní fhágann Mamó de rogha ag na páistí ach teacht chun cónaí léi sa chathair. | Grandma doesn't give the kids a choice but to come to live with her in the city. |
| 21. | Tá uafás ar Ben nach mbeidh Cú ag teacht leo. | Ben is horrified that Cú won't be coming with them. |
| 22. | An oíche sin, cuireann Conor cóta Shaoirse faoi ghlas sa bhosca cianaosta agus caitheann sé isteach san fharraige shuaite é. | That night Conor locks up Saoirse's coat in the ancient box and throws it into the agitated sea. |
| 23. | Tá uafás ar na ronta ar a fheiceáil seo dóibh agus déanann siad tarrtháil ar an eochair agus í ag titim san uisce. | The seals are horrified seeing this and they save the key as it falls in the water. |
| 24. | Le breacadh an lae, caithfidh na páistí slán a fhágáil ag Conor agus Cú. | At daybreak, the children have to take leave of Conor and Cú. |
| 25. | Tá Ben go mór trí chéile agus cuireann sé an locht ar Shaoirse. | Ben is very upset and he places the blame on Saoirse. |
| 26. | Sa charr, ar an bhealach chun na cathrach, cruthaíonn Ben léarscáil chun é a threorú ar ais abhaile. | In the car, on the way to the city, Ben creates a map to direct him back home. |

Ceisteanna

Questions

- | | |
|---|---|
| 1. Cad a thógann Saoirse san oíche? | What does Saoirse take in the night? |
| 2. Cad a fhaigheann Saoirse i seomra Chonoir? | What does Saoirse find in Conor's room? |
| 3. Cad atá taobh istigh ann? | What's inside it? |
| 4. Cá dtéann Saoirse? | Where does Saoirse go? |
| 5. Cad atá san fharraige? | What is in the sea? |
| 6. Cad a tharlaíonn di nuair a théann sí isteach san uisce? | What happens to her when she goes into the water? |
| 7. Cad a tharlaíonn timpeall na tíre? | What happens around the country? |
| 8. Cé a ritheann go dtí na farraige? | Who runs to the sea? |
| 9. Cá bhfuil Conor? | Where is Conor? |
| 10. Cad a shocraíonn Mamó? | What does Grandma decide? |
| 11. Cén fáth nach bhfuil Ben sásta? | Why isn't Ben happy? |
| 12. Cad a dhéanann Ben ar an mbealach? | What does Ben do on the way? |